# Scéal, Scéal, Scéal...





## Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige

**Instagram: @pleanteangachoisfharraige**
**Twitter: @PleanTeangaCF**
**Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige**

24 Meán Fomhair 2020

### SCÉIM URRAÍOCHTA - SÍOL

Tá **Síol,** scéim urraíochta de chuid Ealaín na Gaeltachta ar oscailt seasta. Scéim straitéiseach do dhaoine aonair agus do ghrúpaí leis na healaíona a chothú agus a fhorbairt sa nGaeltacht, atá ann. Tá buiséad suas go €1,000 ar fáil mar chuid den scéim. Is mian mhaith leis an eagraíocht a mheabhrú go gcuirfear fáilte roimh smaointe agus iarratais ó ealaíontóirí gur mian leo teagmháil a dhéanamh lena lucht féachana ar líne go háirithe. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin scéim ach teagmháil a dhéanamh leis an Áisitheoir Ealaíona Réigiúnach do Chúige Chonnacht agus Co. na Mí, ag: m.nidhroighneain@ udaras.ie.

ealaín
EALAÍN NA GAELTACHTA TEORANTA
FORBAIRT NA NEALAÍON DÚCHASACHA AGUS COMHAIMSEARTHA

### COMÓRTAS AN ÁRAIS 2020

Tá **Áras Chois Fharraige** ag glacadh le hiarratais do Ghradam Áras Chois Fharraige '20. Cuirfear fáilte roimh iarratais ó scoláirí a bheidh ag cur tús le cúrsa altranais i mí Meán Fómhair 2020. Iarrtar ar iomaitheoirí aiste 500 focal a scríobh bunaithe ar na buntáistí a bhaineann le timpeallacht cainte agus labhartha d'aosaigh a bhfuil cónaí orthu i dtithe altranais. Beidh agallamh le foireann bainistíochta an Árais mar chuid den phróiseas roghnaithe. Tuilleadh eolais le fáil ach glaoch ar 091 553 194.

### JIMMÍ CHEARRA AR SHLÍ NA FÍRINNE

Scéal bróin gur bhásaigh Jimmí Chearra, duine de sheanchaithe agus de scéalaithe móra na hEireann as Clochar na Locha i gCois Fharraige. Fear gealgháireach, suáilceach, soilíoseach ab ea Jimmí a roinn a oidhreacht shaibhir go fonnmhar. Is iontach go bhfuil teacht ar a chuid seanchais agus scéalaíochta sa leabhar *Seanchas Jimmí Chearra Chois Fharraige* a chuir a mhac Pádraic in eagar. Bhí scil bhreá aige sa bpoitín freisin, ceird a mhúin sé dá gharmhac Pádraic Ó Griallais, bunaitheoir na dríoglainne Micil. Comhbhrón, ó chroí lena bhean Bríd agus lena gclann. Tá an pobal faoi chomaoin aige, agus is cinnte go leanfaidh a chuid scéalta.



### ROTHAÍ NA GAELTACHTA


Is féidir clárú do Rothaí na Gaeltachta, a bheidh ar siúl ar an 26/27 Meán Fómhair, fós, ar Facebook: Pleanáil Teanga Chois Fharraige. Is féidir do rogha dúshláin a dhéanamh - ó 10km, suas go dtí 100km. Go n-éirí go geal libh a chairde!



Rothaí na Gaeltachta!

### ÓRÓ 2020

Tháinig cúigear ealaíontóirí gairmiúla a bhíonn ag saothrú i roinnt mionteangacha Eorpacha le chéile le togra uaillmhianach drámaíochta agus ealaíne ***Óró*** a, faoi sitúir Dharach Mhic an Iomaire. Teanga, tírdhreach agus imirce na príomh-théamaí atá ag croílár an léirithe chomhaimseartha seo atá á láithriú taobh leis an gCrompán ar an gCeathrú Rua go dtí an Satharn 26 Meán Fómhair 2020. Tacaíonn ceol, damhsa, filíocht, scéalaíocht le solas, uisce agus fuaim chun an lucht féachana a thabhairt ar thuras a spreagann an croí agus an intinn. Tapaigh do dheis: is annamh seó mar seo sa gceantar! Tuilleadh eolais ar leathanach Facebook Ealaín na Gaeltachta.



### POST LE DÁNÚ MEDIA

Tá duine fuinniúil, cruthaitheach le Gaeilge líofa agus suim i bhforbairt smaointe agus a bheith ag obair mar bhall d'fhoireann chruthaitheach á lorg ag **Danú Media.** Tuairscíodh gur obair ar thograí do chraoltóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta a bheidh i gceist. Seol ríomhphost chuig: info@danumedia.com le teacht ar bhreis eolais.

## SCÉIM NA MÓR-IMEACHTAÍ EALAÍON


Tá Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíon, a bhíonn á reáchtáil ag **Foras na Gaeilge** ar oscailt anois. Tá an scéim dírithe ar mhór-imeachtaí a bhfuil d'aidhm acu an Ghaeilge agus na healaíona teanga bhunaithe Gaeilge a chothú agus a fhorbairt trí mheán na Gaeilge nó go dátheangach. Tá an scéim dírithe i dtreo na ngréasán shóisialta Ghaeilge freisin. Is féidir le grúpaí pobail, deonacha nó eagrais ghairmiúla iarratais a dhéanamh. Tuilleadh eolais ar fáil ag www.forasnagaeilge.ie. Níor luadh spriocdháta.

## CLUB FOGHLAIMEOIRÍ GAEILGE CHOIS FHARRAIGE AR AIS!

Tá clár an Fhómhair á bheachtú ag an gClub Foghlaimeoirí faoi láthair. Beidh roinnt imeachtaí seachtainiúla ar bun acu an séasúr seo. Cuirfear tús leis na ranganna Gaeilge arís ar an 6/10. Beidh ranganna ar fáil do ghlan tosaitheoirí agus do dhaoine le roinnt Gaeilge acu cheana féin. In Inis Fáil, i sráidbhaile an Spidéil a reáchtáilfear na himeachtaí gach Máirt agus Déardaoin. Tá grúpa drámaíochta ag an gClub chomh maith agus iad le dul i mbun gnímh freisin! Tá siad sa tóir 3 aisteoirí faoi láthair agus tá fáilte roimh fhoghlaimeoirí agus cainteoirí líofa! Eolas breise le fáil ag 087 3553101.

## SRAITH TEILIFÍSE NA BLIANA

Comhghairdeachas le **TG4** agus le **Meangadh Fíbín** - léiritheoirí teilifíse lonnaithe i gCois Fharraige, atá ainmnithe ar an ngearrliosta do ghradam an Oireachtais do Shraith Teilifíse na Bliana 2020. Ainmníodh an clár **Is Mise** de chuid **Meangadh Fíbín**- clár a leanann grúpa gasúir agus iad ag foghlaim scileanna agus caitheamh aimsire nua, chomh maith le **7 Lá** clár de chuid TG4 ina bpléann Máirín Ní Ghadhra cúrsaí reatha. Go n-éirí go geal libh, a chairde!




## GNÍOMHAÍOCHTAÍ SA MBAILE AR LEIC AN TEALLAIGH...

### - TORTHAÍ NA MBAN -

| Dé Máirt 22/09 F16 R3 (Peil) | |
|---|---|
| Maigh Cuilinn | 5-10 |
| Gráinne M. | 6-09 |

| Dé Máirt 22/09 F14 R3 (Peil) | |
|---|---|
| CLG Micheál Breathnach | 8-10 |
| An Chealtrach | 9-05 |

| Dé Máirt 22/09 F14 R2 (Peil) | |
|---|---|
| An Spidéal | 3-06 |
| Muine Mheá | 3-13 |

### - TORTHAÍ NA BHFEAR-

| Dé Luain 21/09 (Iom) F15 C | |
|---|---|
| CLG Micheál Breathnach | 0-15 |
| Ráthún/An Caisleán Nua | 1-09 |

| Domhnach 20/09 (Iom) F13 B | |
|---|---|
| Cois Fharraige | 1-02 |
| Ráthún/An Caisleán Nua | 3-13 |

| Dé Sathairn 19/09 (Iom) Sóis. A G3 | |
|---|---|
| CLG Micheál Breathnach | 1-12 |
| Liam Mellows | 2-10 |

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

Tá ríméad orainn a fhógairt go bhfuil lógó **Fhóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga** ar fáil anois! Feictear imlíne de léarscáil cheantar Chois Fharraige mar léiriú ar an Limistéir Pleanála Teanga atá faoi chúram an Fhóraim mar aon le bád seoil mar léiriú ar láithreacht na farraige in ainm na háite. Tá go leor earraí deasa á réiteach faoi láthair leis an lógó a chur i láthair ar bhealaí éagsúla. Ní fada go bhfeicfidh sibh iad!

**Ná déanaigí dearmad, a chairde, más rud é go bhfuil nuaíocht, scéilín nó teachtaireacht ar mhaith libh a scaipeadh i *Scéal, Scéal, Scéal*, is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie @ 083 010 6294 faoi!**

## COMÓRTAS NÁISIÚNTA DATHÚCHÁIN

Tá comórtas dathúcháin á reáchtáil ag Gael-Taca i gCorcaigh, i gcomhar le Glór na nGael agus leis An tSnathaid Mhór, foilsitheoir scéalta *Rita*. Tá an comórtas oscailte do mhuintir Gaeltachta ar fud na tíre le duaiseanna iontacha le buachaint. Tá an pictiúr dathúcháin ar fáil ó www.gaeltaca.ie. Glacfar le hiontrálaithe suas go dtí Dé Máirt 3 Samhain. Is féidir pictiúir a sheoladh go eolas@gaeltaca.ie nó go dtí Gael-Taca, 22 Port Uí Shúilleabháin, Cathair Chorcaí.

